# An chearc agus a hál

Leis na mílte bliain anuas, d'ith daoine uibheacha éan. Beireann éin uibheacha ach de ghnáth ithimid na huibheacha a bheireann cearca feirme. Ceannaímid na huibheacha sin i siopaí, níl siad **toirchithe** (fertilised) agus mar sin ní thiocfaidh sicín astu choíche. Caithfidh coileach agus cearc cúpláil (mate) chun ubh thoirchithe a chruthú. An bhlaosc chrua ar an taobh amuigh, cosnaíonn (protects) sin na rudaí atá laistigh – an buíocán (yolk) agus an gealacán (egg white). Ainm eile ar an ngealacán ná **albaimin**. Má thosaíonn sicín ag fás san ubh, gheobhaidh sé an bia atá riachtanach dó sa bhuíocán. Tá an gealacán cosúil le cúisín - cosnaíonn sé an sicín agus ní ligeann sé dó éirí tirim. Suíonn an chearc ar **ál** (clutch) uibheacha chun iad a choimeád teolaí. Tar éis 21 lá, nó thart air sin, tagann an sicín amach as an mblaosc. Úsáideann an sicín 'fiacail uibhe' chrua chun an bhlaosc a bhriseadh. Ansin svíomhann (wriggles) an sicín beag amach. Coimeád súil amach do neadacha éan ach ná leag lámh orthu – seans go dtréigfeadh an mháthair an t-ál dá dtuigfeadh sí gur chuir duine isteach (disturbed) air.





# Fíricí Fónta

- Fadó, ba as gnamháin (sea snails) a fuair daoine an dath corcra.
- Beireann an ostrais (ostrich) an ubh is mó ar domhan. Tá an ubh thart ar 18cm ar fad agus tá thart ar 1.7 kg meáchain inti.
- Beireann feithidí (insects), froganna, nathracha (snakes), crogaill (crocodiles) agus éisc uibheacha freisin. Beireann feithidí na huibheacha is lú ar domhan.
- Is dócha gur ó na díneasáir a tháinig na huibheacha is mó riamh.
- Uaireanta, beireann cearc ubh a bhfuil dhá bhuíocán inti. Bhí ubh chirce ann uair amháin a raibh cúig bhuíocán inti!
- Roimh an 16ú céad, **geoluhread** an t-ainm Béarla a bhí ar oráiste. Tá sé cosúil leis an dóigh a ndéarfá 'yellow red'.
- Is é an dath gorm an dath is mó a bhfuil tóir air ar domhan. Cén dath is fearr le do rangsa? Déan suirbhé le fáil amach.

# Puzal na mBratach





Féach ar an dá bhratach sa phictiúr – tá siad cosúil le bratach na hÉireann. Pléigh na difríochtaí le do mhúinteoir. Bain úsáid as do chuid scileanna imscrúdaithe chun a fháil amach cé na tíortha lena mbaineann siad. Mura n-éiríonn leat a fháil amach, tá na freagraí ar leathanach eile in Eureka.
Bailigh eolas faoi na tíortha seo. Cad is ainm do phríomhchathracha na dtíortha seo? Cén sórt timpeallachta atá ag na tíortha seo?

# Uibheacha Fabergé



An bhfaighidh tú ubh sheacláide mar bhronntanas um Cháisc? Breis agus 100 bliain ó shin, sa Rúis rinne Fabergé uibheacha Cásca don teaghlach Impiriúil agus thug an teaghlach iad mar bhronntanais. Ba as seoda agus miotail luachmhara a bhí na huibheacha déanta. Sa bhliain 2007, d'íoc duine éigin níos mó ná €10 milliún ar ubh Fabergé i gceant (auction).

## Dathanna tánaisteacha

Oráiste, corcra agus glas

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ionad Oideachas Eolaíochta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin
Eagarthóireacht: Pól Ó Cainín
Taighde & Téacs: Paula Kilfeather, Clíona Murphy, Fiachra Ó Brolcháin & Janet Varley
Dearadh: INM Studio
Scríobh chuig: Louise Kirwan, Eureka, Irish Independent, 27-32 Sráid Thalbóid, BÁC 1
Líne do Chustaiméirí: 023 8863850 nó
Cuir ríomhphost chuig: eureka@ independent.ie
Cuir ordú chuig schools.independent.ie




Irish Independent

# eureka




Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – *Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)*

Imleabhar 12 Eagrán 21 9 Márta 2016

Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna




# Croch an bhratach!

I mbliana anseo in Éirinn, táimid ag comóradh 100 bliain ó Éirí Amach na Cásca 1916. Luan Cásca, 24 Aibreán 1916, chuaigh na céadta fear agus ban ag máirseáil chuig foirgnimh éagsúla ar fud chathair Bhaile Átha Cliath.
Faoi am lóin, bhí roinnt mhaith de na foirgnimh thábhachtacha gafa (seized) acu, Ard-Oifig an Phoist (an GPO), na Ceithre Chúirt, Muileann Boland, Faiche Stiabhna agus Monarcha Jacob san áireamh (included). Ag doras Ard-Oifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill, léigh Pádraig Mac Piarais Forógra na Poblachta don slua lasmuigh. In áiteanna eile sa tír – Inis Córthaidh, Co. Loch Garman agus i gContaetha na Mí, na Gaillimhe agus Lú – bhí daoine ag éirí amach freisin.

Chuir na reibiliúnaithe (rebels) bratach **trí dhath** (tricolour) suas ar bharr an GPO an Luan sin – uaine (glas), bán agus flannbhuí (oráiste) na dathanna ar an mbratach. Beidh an bhratach trí dhath ar foluain (flying) ar fhoirgnimh phoiblí ar fud na tíre mar chuid den chomóradh. Tá sé tábhachtach meas (respect) a thaispeáint i gcónaí don bhratach agus aire mhaith a thabhairt di. Tá an bhratach dhá uair níos faide ná mar atá sí leathan. Sa bhratach, seasann an uaine don traidisiún Gaelach. Seasann an flannbhuí do lucht leanúna Liam Oráiste a bhí ina rí ar Shasana agus ar Albain breis agus 300 bliain ó shin. Sa lár, seasann an bán don tsíocháin bhuan (lasting) idir an bhflannbhuí agus an uaine.


Thug Óglaigh na hÉireann (Defence Forces) bratach trí dhath lámhdhéanta (handmade) chuig gach bunscoil sa tír. An Mháirt seo chugainn, 15 Márta, crochfaidh na scoileanna uile an bhratach ag an am céanna. Tá bealach suimiúil eile chun an ócáid a chomóradh: is féidir leat foireann bonn €2 (set of coins) agus stampaí comórtha (commemorative) a bhailiú. D'eisigh (issued) Banc Ceannais na hÉireann agus An Post iad chun an céad bliain a chomóradh. Beidh a lán searmanas (ceremonies) ar siúl um Cháisc, go háirithe i mBaile Átha Cliath, mar is ann a tharla formhór imeachtaí an Éirí Amach i 1916.

Ní hamháin go bhfuil an Cháisc beagnach buailte linn, ach beidh Lá Fhéile Pádraig á cheiliúradh againn seachtain ó amárach. Beidh formhór na scoileanna ag dúnadh ar an gCéadaoin agus leanfaidh na laethanta saoire go ceann trí seachtaine, beagnach! Ní osclóidh na scoileanna arís go dtí an Luan, 4 Aibreán. Tá súil againn uile anseo in Eureka go mbainfidh tú sult as Lá Fhéile Pádraig agus as an gCáisc. Seans go bhfaighidh tú cúpla smaoineamh san eagrán seo d'Eureka faoi bhealaí ceiliúrtha agus comórtha don tsaoire speisialta seo.



## Gníomhaíocht

# Meascán




Fadó, ní raibh rogha mór dathanna ag ealaíontóirí nuair a bhí siad ag péinteáil. Bhí dathanna áirithe an-daor, bhí cinn eile nimhneach! Ach bhí na healaíontóirí an-chliste – mheasc siad dathanna éagsúla agus chruthaigh siad na dathanna uile a bhí uathu. Faigheann tú torthaí aisteacha má mheascann tú dathanna. Dá meascfá uaine (glas), bán agus flannbhuí (oráiste) le chéile, cén dath a bheadh agat? _______________

Ach don chéad ghníomhaíocht eile, tosóimid le dearg, buí agus gorm. Is iad seo na dathanna **príomhúla** (primary). Ní féidir dath príomhúil a dhéanamh má mheascann tú dathanna eile

**BUNÁBHAIR:**

- Péint dhearg, péint bhuí, péint ghorm
- Scuaba péinte
- Uisce
- Páipéar
- Ceirt ghlanta

**TREORACHA:**

1. Déan amach tábla cosúil leis an gceann thíos.
2. **Tuar** cad a tharlóidh má mheascann tú na dathanna atá sa chéad cholún.
3. Measc an méid céanna de dhá dhath le chéile. An raibh an ceart agat?

| **Dathanna** | **Tuar** | **Toradh** |
|---|---|---|
| Dearg + Buí | | |
| Buí + Gorm | | |
| Dearg + Gorm | | |

**DÚSHLÁIN BHREISE:**

Nuair a mheascann tú dhá dhath le chéile, mar a rinne tú thuas, déanann tú dath tánaisteach (secondary). Bain úsáid as na torthaí a fuair tú chun na dathanna tánaisteacha a ainmniú. Tá an freagra ar leathanach eile.
Anois, measc glas, bán agus oráiste le chéile. Féach siar ar an tuar.
An raibh an ceart agat?



## Gníomhaíocht

# An casadh sa scéal



Má shroicheann péirí dathanna do shúile go han-tapa, éireoidh na dathanna measctha. Ní féidir le do shúile níos mó ná deich bpictiúr sa soicind a thuiscint. Má fheiceann na súile dhá dhath ag teacht i ndiaidh a chéile go han-tapa, meascfaidh d'inchinn iad.

**Bunábhair:**

- Pinn dathúcháin nó péinteanna
- Peann luaidhe
- Cárta
- Siosúr
- Rud éigin a dhéanfaidh poll sa chárta

**Treoracha**

1. Gearr ciorcal amach as an gcárta. Le peann luaidhe, roinn taobh amháin den chiorcal ina dhá leath.
2. Iarr ar dhuine fásta poll a chur i lár an chiorcail – cuir an peann luaidhe tríd an bpoll seo.
3. Cuir dath dearg ar leath amháin den chiorcal agus dath buí ar an leath eile.
4. **Tuar** cén dath a fheicfidh tú má chasann tú an ciorcal go han-tapa.
5. Cas é. An raibh an ceart agat?

**Dúshlán Breise:**

Dá dteastódh uait an dath corcra a fheiceáil, cén dá dhath a chuirfeá ar an gciorcal?


# Arbh eol duit?

In 1916, bhí Domhnach Cásca ar an 24 Aibreán. I mbliana, tá sé ar 27 Márta, dáta atá an-luath. Uaireanta bíonn Domhnach Cásca níos luaithe arís. In 2008, bhí sé ar 23 Márta agus in 1818, bhí sé ar 22 Márta. Ní bheidh sé ar 23 Márta arís go dtí 2160 agus ní bheidh sé ar 22 Márta go dtí 2285. Cén aois a bheidh agat ansin?



## Gníomhaíocht

# Dathanna leictreacha




An raibh deacracht agat na dathanna a chasadh tapa go leor sa ghníomhaíocht dheireanach? Bain triail as bealach eile chun na dathanna a chasadh go tapa.

**Bunábhair:**
- Ábhair chun ciorcad leictreach a thógáil .i. sreanga, cadhnra, mótar
- Cárta
- Pinn dathúcháin
- Siosúr
- Seilitéip

**Treoracha:**
1. Réitigh an ciorcad leictreach agus an mótar mar chuid de. Is féidir na sreanga a ghreamú leis an mótar le seilitéip. Féach ar an bpictiúr le bheith cinnte go mbeidh sé déanta i gceart agat.
2. Ceangail na sreanga ar fad le chéile le cinntiú go gcasfaidh an mótar.
3. Gearr ciorcal amach as an gcárta. Roinn taobh amháin de ina dhá leath, mar a rinne tú cheana.
4. An uair seo, cuir dath dearg ar leath amháin den chiorcal agus dath gorm ar an leath eile.
5. Cuir an cárta daite ar bhior an mhótair. **Tuar** cad a fheicfidh tú má chasann an ciorcal go han-tapa.
6. Bain triail as. An raibh an ceart agat?

**Dúshlán breise:**
Roinn ciorcal cárta i seacht gcuid chothroma. Dathaigh gach cuid le ceann amháin de dhathanna an tuair cheatha. Má chasann an mótar an cárta seo, feicfidh tú bán, nó dath atá beagnach bán, is dócha.
Má bhuaileann dathanna uile an tuair cheatha do shúile go han-tapa i ndiaidh a chéile, meascfaidh d’inchinn iad. Feicfidh d’inchinn iad mar dhath atá beagnach bán.

# Cóid Dhaite



Sna gníomhaíochtaí roimhe seo, roinn tú an cárta i gcodanna cothroma. Cad a tharlódh dá ndéanfá patrúin dhaite agus dá mbeadh cruthanna éagsúla ar an gcárta? Féach ar na patrúin éagsúla sa phictiúr. Dathaigh ciorcail gearrtha as cárta leis na patrúin seo. Cas iad mar a rinne tú cheana ar an mótar leictreach. Pléigh na torthaí leis an múinteoir.

## Gníomhaíocht

# Uibheacha Éireannacha um Cháisc



Tá an Cháisc i gcónaí san earrach. Tagann éin bheaga as uibheacha san earrach agus tosaíonn beatha nua ainmhithe agus plandaí eile. Is siombailí dóchais, breithe agus beatha iad uibheacha. Fadó, thosaigh daoine ag tabhairt uibheacha mar bhronntanais dá chéile ag an am seo den bhliain. Ar fud an domhain rinne daoine uibheacha a chruabhruith (hardboil) agus dath a chur orthu. Níos déanaí, bhí an-tóir ar (very popular) uibheacha seacláide ach fós baineann daoine sult as dath a chur ar uibheacha cruabhruite. Bain triail as. Cad faoi uibheacha a bhfuil na dathanna glas, ban agus oráiste orthu a dhéanamh don Cháisc speisialta seo?

**Bunábhair:**
- Uibheacha
- Uisce, sorn agus sáspan
- Dath bia (buí, dearg, gorm mar shampla)
- Fínéagar
- Bandaí leaisteacha, greamáin (stickers) más mian leat
- Spúnóga
- Babhlaí le haghaidh na ndathanna bia éagsúla
- Nuachtáin, ciarsúir pháipéir agus ceirteanna

**Treoracha:**
1. Iarr ar dhuine fásta roinnt uibheacha a chruabhruith duit. Tógfaidh siad thart ar dheich nóiméad. Lig dóibh fuarú.
2. Cuir roinnt uisce sna babhlaí. Cuir 1 taespúnóg fínéagair agus 1 taespúnóg dath bia i ngach babhla – dath difriúil i ngach babhla.
3. Cé na dathanna bia a bheadh le meascadh chun oráiste agus glas a dhéanamh? _____________
4. Cuir ubh isteach i do rogha datha ar feadh cúig nóiméad nó mar sin; bí cinnte go bhfuil an ubh clúdaithe go hiomlán.
5. Bain amach í le spúnóg. Lig di triomú.

**Dúshláin bhreise**
- Roghnaigh ubh nár chuir tú i ndath bia. Bain an bhlaosc di. Beidh an ubh bán. Cuir ubh ghlas agus ubh oráiste ar gach aon taobh di – bailiúchán tírghrách (patriotic) uibheacha!
- Cuir bandaí leaisteacha thart ar na huibheacha sula dtumann tú sa dath bia iad. Beidh patrúin stríocacha orthu.

# Puzal na mbratach

Is í bratach na hIndia an bhratach a bhfuil an roth uirthi.
Is í bratach an Chósta Eabhair (Ivory Coast) an bhratach a bhfuil an dath flannbhuí ar chlé uirthi.